2024/797

21.3.2024

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 177/2023

an 5 Iúil 2023

lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/797]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2236 ón gCoimisiún an 20 Meitheamh 2022 lena leasaítear Iarscríbhinní I, II, IV agus V a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na ceanglais theicniúla maidir le feithiclí a tháirgtear i sraitheanna neamhtheoranta, feithiclí a tháirgtear i sraitheanna beaga, feithiclí lán-uathoibrithe a tháirgtear i sraitheanna beaga agus feithiclí sainchuspóireacha, agus a mhéid a bhaineann leis an nuashonrú bogearraí ([1]), arna cheartú le IO L 304, 24.11.2022, lch. 103, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 51 (Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) de Chaibidil I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE:

'— **32022 R 2236:** Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2236 ón gCoimisiún an 20 Meitheamh 2022 (IO L 296, 16.11.2022, lch. 1), arna cheartú le IO L 304, 24.11.2022, lch. 103.'

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2236, arna cheartú le IO L 304, 24.11.2022, lch. 103, san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 6 Iúil 2023, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 49/2022 ó Chomhchoiste LEE an 18 Márta 2022 ([2]), cibé acu is déanaí.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 296, 16.11.2022, lch. 1.
* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.
([2]) IO L 182, 7.7.2022, lch. 19.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Iúil 2023.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Pascal SCHAFHAUSER